Parlaimint na hEorpa

An Ardstiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh
An Stiúrthóireacht um an Leabharlann
An tAonad um Fhiosrúcháin ó Shaoránaigh

Ráiteas Príobháideachais

Déileálfaidh an tAonad um Fhiosrúcháin ó Shaoránaigh (Ask EP) le do litreacha i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin. Chun déileáil go héifeachtúil le d'fhiosrúchán, féadfar do theachtaireacht a tharchur chun freagra nó comhairliúchán a fháil ina taobh chuig Europe Direct nó seirbhís eile den Aontas Eorpach.

Tá an rialtóir sonraí ina Cheann Aonaid ar an Aonad um Fhiosrúcháin ó Shaoránaigh (chun teachtaireacht a chur chuig an rialtóir sonraí, líon an fhoirm thíos le do thoil). Is chun déileáil le d'iarraidh, agus chun na críche sin amháin, a bhainfear úsáid as do chuid sonraí pearsanta i do ríomhphost. Úsáidtear sonraí faoi aois, inscne, slí bheatha, náisiúntacht agus tír chónaithe freisin chun staidreamh a thiomsú. Coimeádfar na sonraí i gcartlann na seirbhíse ar feadh uastréimhse 5 bliana, agus scriosfar na sonraí i ndiaidh na tréimhse sin.

Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar na sonraí maidir leat, iad a leasú nó iad a scriosadh, trí theagmháil a dhéanamh leis an Aonas um Fhiosrúcháin do Shaoránaigh i bParlaimint na hEorpa. Tá sé de cheart agat freisin dul ar iontaoibh Oifigeach Cosanta Sonraí na Parlaiminte, i scríbhinn, aon tráth, ag data-protection@ep.europa.euagus ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ag edps@edps.europa.eu.